2) An gcaithfear an fhéidearthacht go n-eiseoidh na Ballstáit catagóirí áirithe d'fhiachais ó urscaoileadh fiachais (ar chuntar go bhfuil údar cuí leis an eisiamh sin, mar a fhoráiltear in Airteagal 23(4) de Threoir 2019/1023) a léiriú sa chaoi go gceadaítear léi do na Ballstáit dliteanais chánach a eisiamh (nach sonraítear san Airteagal sin), agus staid fhabhrach a chruthú sa chaoi sin ina leith?

3) I gcás go dtugtar freagra dearfach ar na ceisteanna sin, cad iad na critéir nach mór a chomhlíonadh leis an údar sin, de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh, d'fhonn prionsabail ghinearálta de dhlí an Aontais agus na cearta bunúsacha a urramú, a bhfuil reachtóirí an Aontais agus na reachtóirí náisiúnta faoina réir ["toirmeasc ar idirdhealú de bhíthin náisiúntachta" (Airteagal 18 CFAE) agus "an tsaoirse chun gnó a sheoladh" (Airteagal 16 den [Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh]), chomh maith leis na saoirsí eacnamaíocha bunúsacha den mhargadh inmheánach]?

4) I gcás go dtugtar freagra diúltach ar an gceist sin, an gcumhdaítear leis na sainmhínithe (de réir bhrí dhlí an Aontais Eorpaigh agus d'fhonn an Treoir atá i gceist a léiriú) ar na coincheapa "fiachais a eascraíonn as pionóis choiriúla nó atá nasctha leis na pionóis sin" agus "fiachais a eascraíonn as dhliteanas de dhroim torta" fiachais chánach freisin, mar a fhoráiltear sa ghníomh reachtach inmheánach lena dtrasuitear Treoir 2019/1023 (Dlí Uimh. 9/2022 an 11 Eanáir)?

---

([1]) Treoir (AE) 2019/1023 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le creataí um athstruchtúrú coisctheach, maidir le hurscaoileadh fiachais agus maidir le dícháilíochtaí agus maidir le bearta chun éifeachtúlacht nósanna imeachta a bhaineann le hathstruchtúrú, dócmhainneacht agus urscaoileadh fiachais a fheabhsú, agus lena leasaítear Treoir (AE) 2017/1132 (an Treoir maidir le hathstruchtúrú agus dócmhainneacht) (IO 2019 L 172, lch. 18).

---

**Iarraidh ar réamhrialú ó Finanzgericht Bremen (an Ghearmáin) a taisceadh an 25 Eanáir 2023 – L v Familienkasse Sachsen der Bundesagentur für Arbeit**

**(Cás C-36/23, Familienkasse Sachsen)**

(2023/C 164/40)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Finanzgericht Bremen

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* L

*Cosantóir:* Familienkasse Sachsen der Bundesagentur für Arbeit

**Na ceisteanna a tharchuirtear**

Ceisteanna a bhaineann le léiriú rialacha tosaíochta a leagtar síos in Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004: ([1])

1. An gceadaíonn Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 sochar linbh Gearmánach a aisghabháil, i bpáirt, go cúlghabhálach, ar an bhforas go bhfuil teidlíocht tosaíochta i mBallstát eile, cé nach ndearnadh measúnú ná íocaíochtaí, agus nach bhfuil measúnú ná íocaíochtaí á ndéanamh, as sochar teaghlaigh sa Bhallstát eile, agus é de thoradh air sin go bhfuil an méid atá fágtha don tairbhí faoi dhlí na Gearmáine faoi bhun an tsochair linbh sa Ghearmáin?

2. Más freagra dearfach a thabharfar ar an gcéad cheist:

   An mbraitheann an freagra ar an gceist maidir leis na forais ar a bhfuil sochair iníoctha ag Ballstát amháin nó níos mó de réir bhrí Airteagal 68 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004, nó na boinn óna n-éiríonn teidlíochtaí atá le comhordú, ar na coinníollacha teidlíochta faoi na rialacha náisiúnta, nó ar na himthosca faoina bhfuil na daoine lena mbaineann faoi réir reachtaíocht na mBallstát is ábhartha i gcomhréir le hAirteagail 11 go 16 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004?

3. Sa chás gurb iad na himthosca faoina bhfuil na daoine lena mbaineann faoi réir na reachtaíochta de na Ballstáit is ábhartha i gcomhréir le hAirteagail 11 go 16 de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 an critéar cinntitheach:

An gcaithfear Airteagal 68, i gcomhar le hAirteagal 1(a) agus (b) agus Airteagal 11(3)(a), de Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 a léiriú sa chaoi go nglacfar leis go bhfuil gníomhaíocht mar dhuine fostaithe nó gníomhaíocht mar dhuine féinfhostaithe i mBallstát eile, nó staid choibhéiseach a láimhseáiltear mar ghníomhaíocht den sórt sin chun críoch reachtaíochta árachais shóisialta, ann i gcás ina ndeimhníonn an ciste árachais shóisialta sa Bhallstát eile go bhfuil an duine árachaithe "mar fheirmeoir" agus go ndearbhaíonn an institiúid inniúil um shochair teaghlaigh sa Stát sin go bhfuil gníomhaíocht mar dhuine fostaithe ann, cé go maíonn an duine lena mbaineann nach mbraitheann an t-árachas ach ar úinéireacht na feirme, atá cláraithe mar thalamh atá táirgiúil ó thaobh na heacnamaíochta de ach nach bhfuil in úsáid i ndáiríre?

([1]) Rialachán (CE) Uimh. 883/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le comhordú na gcóras slándála sóisialta (IO 2004 L 166, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Amtsgerichts Frankfurt am Main (an Ghearmáin) a taisceadh an 3 Feabhra 2023 – flightright GmbH v TAP Portugal

**(Cás C-52/23, flightright)**

(2023/C 164/41)

*Teanga an cháis: an Ghearmáinis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Amtsgericht Frankfurt am Main

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* flightright GmbH

*Cosantóir:* TAP Portugal

### Na ceisteanna a tharchuirtear

1. An bhfuil imthosca urghnácha, de réir bhrí Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 261/2004, ([1]) i gceist i gcás ina bhfuil staid mheitéareolaíoch ann atá ar neamhréir le heitilt a oibriú, beag beann ar an staid mheitéareolaíoch a bheith urghnách nó gan a bheith urghnách?

2. I gcás ina dtabharfar freagra diúltach ar an gcéad cheist, an féidir a chinneadh an bhfuil an staid mheitéareolaíoch urghnách i bhfianaise a minicíochta réigiúnaí agus séasúraí ag an áit agus ag an am a tharlaíonn sí?

([1]) Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás nach gceadófar dóibh bordáil agus i gcás ina gcuirfear eitiltí ar ceal nó i gcás ina gcuirfear moill fhada orthu, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 295/91 (IO 2004 L 46, lch. 1).

---

## Iarraidh ar réamhrialú ó Tribunal de première instance de Liège (an Bheilg) a taisceadh an 10 Feabhra 2023 – Chaudfontaine Loisirs v Stáit na Beilge

**(Cás C-73/23, Chaudfontaine Loisirs)**

(2023/C 164/42)

*Teanga an cháis: an Fhraincis*

### An chúirt a rinne an tarchur

Tribunal de première instance de Liège

### Páirtithe sna príomhimeachtaí

*Iarratasóir:* Chaudfontaine Loisirs SA

*Cosantóir agus páirtí atá uamtha mar idiragraí:* Stát na Beilge, arna ionadú ag an Aire Airgeadais

*Páirtí eile agus páirtí atá uamtha mar idiragraí:* Stáit na Beilge, arna ionadú ag an Aire Dlí agus Cirt